



2026/516

11.3.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/516 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Márta 2026

**Iena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1403 a mhéid a bhaineann le tiúchan tújón
i mbláthola sáiste Spáinní**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Údaráíodh an tsubstaint bláthola sáiste Spáinní ó *Salvia officinalis* ssp. *Lavandulifolia* (Vahl) Gams mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1403 ón gCoimisiún ⁽²⁾ ar feadh 10 mbliana.
- (2) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1403, tagraítear go hearráideach do thiúchan tújón i mbláthola sáiste Spáinní ag a bhfuil luach '0,001 %', ach de réir na tuairime eolaíche ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia an 17 Meán Fómhair 2024 ⁽³⁾, níor braitheadh tiúchan tújón i mbláthola sáiste Spáinní le crómatagrafaíocht gháis/mais-speictriméadracht (teorainn braite 0,001 %).
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1403 a cheartú dá réir.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1403

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1403, san iontráil a bhaineann leis an mbreiseán beathaithe bláthola sáiste Spáinní, sa tríú colún 'Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse', faoin gceannteideal 'Sonraíochtaí', in ionad na fleisce '—Tújón: 0,001 %' cuirtear '—Tújón: ≤ 0,001 %'.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1403 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 maidir le bláthola sáiste Spáinní ó *Salvia officinalis* ssp. *lavandulifolia* (Vahl) Gams agus bláthola labhandair ó *Lavandula angustifolia* Mill. a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L, 2025/1403, 17.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1403/oj).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2024;22(10), e9015, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9015>.

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN
